
# Glór

BUANÚ AGUS NEARTÚ NA GAEILGE SAN IARTHUAISCIRT

| Eagrán 009 | Nollaig 2022 |
|---|---|




Comhghairdeas mór le Scoil Phádraig Dobhair agus le Scoil Chonaill, An Bun Beag as ucht aitheantas a fháil mar scoileanna Gaeltachta faoin Pholasaí don Oideachtas Gaeltachta ansin le gairid. Obair mhór ar bun sna scoileanna i dtaca le cur chun cinn agus tá lúchair mhór orainn a bheith ag tacú leo leis an obair seo.







Bhí lúchair mhór orainn Tráth na gCeist Nollaig a eagrú do Phobalscoil Ghaoth Dobhair ansin le gairid. Ghlac an dara agus an tríú bhliain páirt ann agus tá buíochas tuillte ag na scolairí na 4ú bliana agus na múinteoirí ar son a gcuid cuidiú. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge fosta as duaiseanna a chur ar fail do na buaiteoirí.




Comhghairdeas mór le Máire Dinny Wren a bhain an chéad áit I gcomórtas filíochta Chultúrlann McAdam Ó Fiach dona dán 'Íocshláinte Theach Hiúdaí' ansin ar na mallaibh. Tá an dán scríofa faoi Teach Hiúdaí Bhig agus tá sé in omós do Chití Hiúdaí Bhig. Maith thú Máire!

Bhí ócáid dheas againn dTigh Danny Minnie tráthnóna nuair a seoladh leagan den scéal bhéaloidis, Gadaíocht Inis Duáin. Comhghairdeas le Gearóidín Bhreathnach as an saothar seo a chur i gcló.





Rinne muid agallamh beag le Mamaí na Nollag ansin ar na mallaibh! Fiú go bhfuil sí gnóthach bhí muid iontach buíoch go raibh am aici le labhairt linn. Seo nasc thíos!

https://fb.watch/hBr7YVgpwC/



D'éirigh go maith leis an feachtas seo a d'eagraigh Comhar-chumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag iarraidh cur ina luí ar dhaoine le ceannacht go háitiúil. Seo nasc thíos do fiseán ó Caifé Kirry. Buíochas le Ligid Léiriúcháin a rinne an fiseán!

[Caifé Kitty Fógra (vimeo.com)]




Comhghairdeas mór leis na daltaí agus na múinteoirí uilig I bPobalscoil Ghaoth Dobhair a bhí páirteach sa drama 'Cracker na Nollag'. Dráma ar dóigh a bhí ann agus tá moladh mór tuillte agaibh uilig!






## Cur aithne ar Danny



**Ainm**: Danny Mac an Bhaird
**Post:** Ag obair le Better Letter Signs

**Caitheamh aimseartha:** Peil gaelach agus iascaireacht

**Bia:** Pasta agus kebabs ó Midnight

**Deoch:** Vlade (Vodka Lucozade)

**Scannán:** Top Gun

**Clár Teilifíse:** Outer Banks

**Gréasán sóisialta:** Instagram

**Meáin shóisialta:** @dannyward

**Bainisteoir is fearr:** Owenie Mac Gairbheith

**Marcálaí is deacra:** Ronan Heffernan

**Comhairle is fearr a fuair tú mar imreoir:** Níl an bál ar thine

**Buaicphointe do shaol ag imirt peile:** Ag baint sraith mionúr Roinn 1

**Rud is fearr faoi ag imirt peile:** Ag baint agus an craic

**Rud is measa faoi ag imirt peile:** Gortuithe agus toirmeasc ar ól

**Laoch:** Cristiano Ronaldo

**Oíche amuigh:** Sharkey's Bar agus Club Heaven

**Cuireadh chuig cóisir:** Michael Jordan, Stone Cold Steve Austin agus Luke Combs

**Laethanta saoire:** Albufeira

**Mana saoil:** Ná glac an saol chomh dáiríre




## Mol an óige agus tiocfaidh sí

Meitheal Pleánála Teanga an Iarthuaiscirt,
An Crannóg,
Srath na Corcra,
Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall

Fón: 0749560620/ 0872491101
mpt.iarthuaiscirt@gmail.com
www.mptiarthuaiscirt.ie

## Labhair í agus mairfidh sí!